# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille
Ros a'Mhíl

# Samhradh 2021

## Siúlóid Rang 1-3

Chuaigh Rang Áine ar shiúlóid go dtí an séipéal agus bhí lón acu ann. Bhí an-spraoi acu!





## Seachtain Scoil Ghníomhaí 26-30 Aibreán '21

Bhí Seachtain Scoil Ghníomhaí againn ar scoil. Fuair gach páiste téad scipeála le bheith spraoi leis ag am lóin!  Rinne na gasúir gníomh aclaíochta chuile lá. Tháinig cúpla páiste chuig scoil ar rothar nó ag siúl in áit an carr a thógáil. Bhain siad an-sult as an tseachtain! Bhí an t-ádh orainn mar bhí an aimsir go hálainn an chuid is mó den tseachtain!





## Lá Domhanda Mata 3/5/21

Bhí muid ag ceiliúradh Lá Domhanda Mata ar scoil. In áit Mata a dhéanamh sa rang an lá sin chuaigh muid amach faoin spéir agus rinne muid ár gceachtanna taobh amuigh! Ní raibh áit nó rud ar bith nach raibh comhatha nó tomhaiste againn!!

















## Rith Shin Sheáin




Ghlac muid páirt sa dúshlán eagraithe ag Plean Teanga Cois Fharraige, Rith 2K ar lá Shin Sheáin (23/6). Bhí plean treanála 6 seachtaine againn. Thosaigh muid ag déanamh 600m sa gcéad seachtain, 800m sa dara seachtain, 1000m, 1300m, 1600m, 1800m is srl. ansin 2k ar an lá Shin Sheáin. Fuair gach páiste bonn. Bhí muid breá aclaí ina dhiaidh sin!!




## Turas Scoile Rang a 6 9/6/21





Chuaigh Rang 6 chuig An Dóilín ar an gCeathrú Rua chun lá spraoi san uisce a bheith acu le Spraoi Mara. Bhí an-lá acu ag snámh, ag dreapadh na gclocha. Ar bhád agus ag léim ar an trampailín. Bhí béile acu ón Dutch Hut. Bhain said an-sult as an lá!

## Siúlóid chuig Céibh Ros a' Mhíl 18/6/21

Chuaigh Rang Áine ar shiúlóid síos chuig Céibh Ros a' Mhíl. Chonaic said na báid uilig. Bhain siad an-sult as.



## Lá Spóirt

Bhí 3 lá spóirt againn i mbliana!! Chuaigh na ranganna suas chuig Páirc Ros a' Mhíl ar feadh an lae agus bhí go leor spraoi acu. Bhí rásaí, cluichí agus tarraingt téide acu. Ansin bhí lón te, smores acu agus uachtar reoite ó Tí Thaidhg. Bhí an-lá ag chuile dhuine!










## Leathanach Go fund me

Tá tuismitheoir i bpobal na scoile atá ag dul thríd am thar a bheith dúshlánach faoi láthair agus ba mhaith linn an leathanach 'go fund me' a roinnt libh. Déanfaidh muid rud mar scoil tar éis an samhradh.

https://gofund.me/e2ee915e

## Rang 6 – Ag breathnú síar



Chuir muid ceist ar Rang 6 faoi na cuimhní atá acu ar a saol scoile.

Caoimhín:
Is cuimhin liom nuair a bhí mé i Naíonáin Bheaga go dtí Rang 2 bhí Mícheál i mo mhúinteoir. Bhí Áine i mo mhúinteoir ó Rang 3-rang 4 agus bhí Mícheal arís agam i Rang 5 agus 6.

Dean:
Is cuimhin liom nuair a bhí caisleán spraoi againn tar éis Lá Spóirt agus bhí an lá an-ghriannmhar. Is cuimhin liom mo Chéad Chomaoineach.

Keelan:
Is cuimhin liom an mála draíochta a bhí ag Múinteoir Áine agus ag

déanamh ceoil. Is cuimhin liom mo chéad lá agus mo chairde.

Saidbh:
Is cuimhin liom mo Chéad Chomaoineach, an turas chuig an Slieve Aughty Centre le na capaill sú úll agus pancóga. Is cuimhin liom and Seachtain Ghníomhaí ag imirt rounders agus sacair.

Leah:
Is cuimhin liom ag dul ag an Taibhhearc le haghaidh geamaireacht a fheiceáil. Is cuimhin liom an Seachtain Ghníomhaí Scoile agus ag dul chuig SCC leis an scoil.

Róisín:
Is cuimhin liomsa na Lá Spóirt ar fad a bhí againn agus na Blitzes in áiteanna ar nós Ros Muc agus Leitir Móir. Is cuimhin liom an turas scoile chuig an Slieve Aughty Centre agus na capaill, sú úll agus pancóga.

Chaela:
Is cuimhin liom nuair a chuaigh muid ar thuras scoile chuig an Pictiurlann agus Jump Lanes. Is cuimhin liom an peil le Joe Joe agus an blitz a bhí againn i Ros Muc nuair a bhuaigh muid an cupán.

Sean:
Is cuimhin liom an caisleán spraoi a bhí againn ar scoil ag an La Spóirt. Is cuimhin lion mo Chéad Chomaoineach agus na cuid Tráth na gCeist a bhí againn.

Fionn:
Is cuimhin liom an turas scoile a bhí againn ar Diamond Hill, bhí lá iontach agam. Is cuimhin liom liom mo Chéad Chomaoineach le mo rang agus mo chlann. Is cuimhin liom an lá a tháinig caisleán spraoi chuig an scoil.

## Oíche Ceiliúradh do Rang 6 17/6/21

Bhí oíche fíor speisialta againn le slán a fhágáil le Rang a 6. Tháinig Rang a 6, a muintir agus foireann na scoile le chéile ar Zoom. Bhí píosa cainte againn agus ghlaoigh Múinteoir Mícheál an rolla don uair deireanach. Tá físeán ón ócáid le feiceáil ar Aip na Scoile.






Tá go leor pictiúir eile le feiceáil ar suíomh idirlíon na scoile.



*Ag guí Samhradh iontach agaibh*

*Foireann na Scoile*

*Athoscailt: 30/8/21*